**<u>Téarmaí Tagartha Choiste Luach Saothair TG4</u>**

**<u>1. Comhdhéanamh agus údarás</u>**
Tá sé beartaithe ag Bord Teilifís na Gaeilge coiste den Bhord a bhunú ar a dtugtar an Coiste Luach Saothair ("an Coiste").

a) Tugann an Bord cead don Choiste aon ghníomhaíocht laistigh dá théarmaí tagartha a scrúdú. Tá cead ag an gCoiste aon eolas atá ag teastáil uaidh ó aon fhostaí a lorg agus treoraítear do gach fostaí comhoibriú le haon iarraidh a dhéanann an Coiste.

b) Tugann an Bord cead don Choiste comhairle dlí sheachtrach nó comhairle ghairmiúil neamhspleách eile a lorg, mar a mheastar a bheith riachtanach.

**<u>2. Ballraíocht</u>**
a) Ceapfaidh an Bord comhaltaí den Choiste Luach Saothair agus ní bheidh níos lú ná triúr comhaltaí Boird i gceist, agus beidh duine amháin acu sin ina Chathaoirleach ar an mBord.

b) Beidh Cathaoirleach an Bhoird ag gníomhú ina Chathaoirleach ar an gCoiste. Má tá an Cathaoirleach as láthair, roghnóidh na comhaltaí atá i láthair Cathaoirleach gníomhach don chruinniú.

c) Beirt chomhaltaí a bheidh sa chóram.

d) Níl sé de cheart uathoibríoch ach ag comhaltaí den Choiste Luach Saothair amháin freastal ar chruinnithe an Choiste. Freastalóidh Rúnaí na Cuideachta nó Rúnaí an Bhoird, tar éis cuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Choiste, ar chruinnithe, seachas i gcás aon chuid de chruinniú ar mian le Cathaoirleach an Choiste a chur in áirithe do chomhaltaí Coiste amháin. D'fhéadfadh comhaltaí Boird eile agus an bhainistíocht fheidhmeannach cuireadh a fháil le freastal ar an gcruinniú(cruinnithe) ar fad nó cuid de.

e) Is ceist don Bhord é fad na gceapachán don Choiste Luach Saothair agus d'fhéadfaí comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse ama suas go dtí dáta éaga a mballraíochta ar an mBord agus an dáta sin san áireamh.

**<u>3. Cruinnithe</u>**
***3.1 Minicíocht / cruinnithe neamhchorpartha***
a) Tiocfaidh an Coiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá.

b) D'fhéadfaí cruinnithe a reáchtáil ar an bhfón nó ar bhealach leictreonach oiriúnach eile inar féidir le gach comhalta den bhord éisteacht agus tuairimí a thabhairt.

***3.2 Fógra cruinnithe***
a) Eagróidh Rúnaí an Choiste cruinnithe an Choiste ar iarratas ó aon duine de na comhaltaí.

b) Mura gcomhaontófar a mhalairt, cuirfear eolas maidir le gach cruinniú (lena ndearbhófar an t-ionad, am agus dáta) chomh maith le clár oibre de mhíreanna atá le plé chuig gach comhalta den Choiste, agus chuig aon duine eile a mbeidh orthu freastal go pras roimh an gcruinniú. Seolfar cáipéisí tacaíochta chuig comhaltaí an Choiste agus chuig daoine eile den lucht freastail, de réir mar is cuí ag an am céanna.

c) Beidh Rúnaí Chuideachta Theilifís na Gaeilge nó Rúnaí an Bhoird nó a ainmní / a hainmní ag gníomhú ina Rúnaí ar an gCoiste.

**3.3 Miontuairiscí cruinnithe**

a) Beidh teacht ag an gcoiste ar sheirbhísí Rúnaí Chuideachta Theilifís na Gaeilge nó Rúnaí an Bhoird maidir le cúrsaí uile an choiste lena n-áirítear: cúnamh a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Luach Saothair chun obair an choiste a phleanáil; cláir oibre do chruinnithe a dhréachtú; miontuairiscí a choinneáil agus tacaíocht phraiticiúil riachtanach eile a chur ar fáil mar a mheastar a bheith riachtanach.

b) Scríobhfaidh an Rúnaí miontuairiscí ar imeachtaí agus rúin gach cruinnithe den Choiste, lena n-áirítear ainm na ndaoine a bhí i láthair agus a d'fhreastail ar an gcruinniú a thaifeadadh. (Sa chás nach bhfuil an Rúnaí i láthair le haghaidh mír den chlár oibre, ainmneoidh na comhaltaí a bheidh i láthair comhalta amháin chun miontuairisc ar na himeachtaí a scríobh).

c) Scaipfidh an Rúnaí miontuairiscí de chruinnithe an Choiste go pras chuig gach comhalta den Choiste agus, nuair a aontófar faoi, chuig gach comhalta den Bhord.

**4. Dualgais**

Is iad seo a leanas dualgais an choiste:

a) Ceapachán, spriocanna, feidhmiú agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra, a ionadaí/a hionadaí, nó aon duine atá ceaptha go sealadach chuig post an Ard-Stiúrthóra a athbhreithniú i gcomhréir le hAlt 89 (8) den Acht Craolacháin, 2009, agus moltaí a dhéanamh chuig an mBord sula lorgaítear cead ón Rialtas ina thaobh. Déanfar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais.

b) Dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir maidir le pacáiste luach saothair don lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí.

c) Cuspóirí, ról agus líne thuairiscithe fheidhm Rúnaí na Cuideachta nó Rúnaí an Bhoird a shocrú agus a athbhreithniú go tréimhsiúil. Ceapachán Rúnaí Chuideachta Theilifís na Gaeilge nó Rúnaí an Bhoird a cheadú.

**5. Nithe Eile**

a) Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar na téarmaí tagartha seo go tréimhsiúil agus déanfaidh sé moltaí chuig an mBord maidir leis na téarmaí a uasdátú nó a leasú de réir mar is cuí.

b) Cuirfidh an Coiste tuarascáil ghearr i dtoll a chéile ina ndéantar cur síos ar a bhallraíocht, dualgais agus príomhghníomhaíochtaí le linn na bliana, atá le cur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Cuntais Bhliantúla.